

1. **Ar ith** tú an císte?  
**D'ith.** D'ith mé ar maidin é.  
**Nár ith** tú an císte?  
**Níor ith.** D'ith Máire é.  
Did you eat the cake?  
Yes. I ate it in the morning.  
Didn't you eat the cake?  
No. Mary ate it.
2. **Ar chuala** tú an scéal?  
**Chuala.** Bhí an-áthas orm.  
**Nár chuala** tú an scéal?  
**Níor chuala.** Níor chuala mé faic.  
Did you hear the news?  
Yes. I was very happy.  
Didn't you hear the news?  
No. I didn't hear anything.
3. **Ar tháinig** tú abhaile go luath?  
**Tháinig.** Bhí tuirse orm.  
**Nár tháinig** tú abhaile go luath?  
**Níor tháinig.** D'fhan mé amuigh.  
Did you come home early?  
Yes. I was tired.  
Didn't you come home early?  
No. I stayed outside.
4. **Ar thug** tú leat é?  
**Thug.** Is maith liom go mór é.  
**Nár thug** tú leat é?  
**Níor thug.** Ní maith liom é.  
Did you take it with you?  
Yes. I like it a lot.  
Didn't you take it with you?  
No. I don't like it.
5. **An ndearna** tú an císte sin?  
**Rinne.** Nach bhfuil sé blásta?  
**Nach ndearna** tú an císte sin?  
**Ní dhearna.** Ní maith liom císte.  
Did you make that cake?  
Yes. Isn't it tasty?  
Didn't you make that cake?  
No. I don't like cake.
6. **An ndeachaigh** tú abhaile?  
**Chuaigh.** Bhí ocras orm.  
**Nach ndeachaigh** tú abhaile?  
**Ní dheachaigh.** D'fhan mé anseo.  
Did you go home?  
Yes. I was hungry.  
Didn't you go home?  
No. I stayed here.
7. **An bhfaca** tú mo mhadra?  
**Chonaic.** Bhí sé sa ghairdín.  
**Nach bhfaca** tú mo mhadra?  
**Ní fhaca.** Ní raibh sé anseo.  
Did you see my dog?  
Yes. It was in the garden.  
Didn't you see my dog?  
No. It wasn't here.
8. **An bhfuair** tú mo litir?  
**Fuair.** Fuair mé inné í.  
**Nach bhfuair** tú mo litir?  
**Ní bhfuair.** Ní raibh mé sa bhaile.  
Did you get my letter?  
Yes. I got it yesterday.  
Didn't you get my letter?  
No. I wasn't at home.
9. **An ndúirt** tú é sin le Seán?  
**Dúirt.** Bhí fearg orm inné.  
**Nach ndúirt** tú é sin le Seán?  
**Ní dúirt.** Ní dúirt mé faic leis.  
Did you say that to Seán?  
Yes. I was angry yesterday.  
Didn't you say that to Seán?  
No. I didn't say anything to him.

**Comhrá 1**

- A: An bhfaca tú Seán inniu?  
B: Ní fhaca. Nár chuala tú an scéal?  
A: Níor chuala. Cén scéal?  
B: Chuaigh sé go hÉirinn inné.  
A: Cár chuala tú é sin?  
B: Dúirt a mháthair liom é.

**Comhrá 2**

- A: Cá ndeachaigh tú aréir?  
B: Chuaigh mé go hEncinitas.  
A: Cad a rinne tú ansin?  
B: D'ith mé dinnéar le mo chara.  
A: Cár ith sibh an dinnéar?  
B: D'ith muid i mbialann é.

**Comhrá 3**

- A: An bhfuair tú mo litir?  
B: Fuair. Fuair mé inné í.  
A: An bhfuair tú aon rud eile?  
B: Fuair. Fuair mé bronntanas ó Thadhg.  
A: An bhfuair tú cárta ó Shéamus?  
B: Ní bhfuair.

**Comhrá 4**

- A: Fuair mé albam nua inniu.  
B: An bhfuair? An maith leat é?  
A: Is breá liom é.  
B: Ar thug tú leat é?  
A: Thug. Seo duit.  
Ar chuala tú riamh é?  
B: Níor chuala go fóill.

**Conversation 1**

- Did you see John today?  
No. Didn't you hear the news?  
No. What news?  
He went to Ireland yesterday.  
Where did you hear that?  
His mother told me.

**Conversation 2**

- Where did you go last night?  
I went to Encinitas.  
What did you do there?  
I ate dinner with my friend.  
Where did you eat the dinner?  
We ate it in a restaurant.

**Conversation 3**

- Did you get my letter?  
Yes. I got it yesterday.  
Did you get anything else?  
Yes. I got a present from Tim.  
Did you get a card from Jim?  
No.

**Conversation 4**

- I got a new album today.  
Did you? Do you like it?  
I love it.  
Did you bring it with you?  
Yes. Here it is.  
Did you ever hear it?  
I haven't yet.